2026/444

3.3.2026

CINNEADH (AE) 2026/444 ÓN gCOMHAIRLE

an 11 Feabhra 2026

maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 i gcomhar le h Airteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 23 Meitheamh 2025, thug an tAontas Comhpháirtíocht Slándála agus Chosanta i gcrích le Ceanada. Rinne Ceanada iarraidh fhoirmiúil ar an Aontas dul i mbun caibidlíochta chun comhaontú déthaobhach a thabhairt i gcrích, de bhun Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle ([1]), lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh.

(2) An 18 Meán Fómhair 2025, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus le Ceanada chun dhá chomhaontú ar leith a thabhairt i gcrích lena gceadaítear rannpháirtíocht eintiteas dhlítheanacha atá bunaithe sna tíortha sin agus táirgí de thionscnamh a gcríoch sa soláthar faoi Ionstraim SAFE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2025/1106 ('Ionstraim SAFE').

(3) Tugadh an chaibidlíocht idir an tAontas agus Ceanada i gcrích go rathúil trí inisealacha a chur leis an gComhaontú. Rinne an Coimisiún Comhaontú déthaobhach a chaibidil idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE.

(4) Le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe dhéthaobhaigh sin, féadtar comhar tionsclaíoch cosanta méadaithe a dhéanamh agus léirítear an mhian chomhroinnte an caidreamh idir an tAontas Eorpach agus Ceanada a dhoimhniú i réimse na slándála agus na cosanta agus comhpháirtíocht níos dlúithe agus níos cothroime a chothú idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, chun tacú leis an gcomhar cosanta praiticiúil.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú.

(6) Ba cheart an Comhaontú a chur i bhfeidhm ar bhonn sealadach, go dtí go dtiocfaidh sé i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údaraítear leis seo, síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Ceanada lena leagtar síos na coinníollacha maidir le rannpháirtíocht eintitis dhlítheanacha Cheanada agus táirgí de thionscnamh Cheanada sa soláthar faoi Ionstraim SAFE ('an Comhaontú'), faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe sin ([2]).

Airteagal 2

1. Cuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach, i gcomhréir le hAirteagal 15 den Chomhaontú, agus faoi réir na bhfógraí dá bhforáiltear ann ón dáta is déanaí de na dátaí ar a dtabharfaidh gach Páirtí fógra dá chéile gur cuireadh i gcrích na nósanna imeachta inmheánacha is gá chun na críche sin.

([1]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

([2]) Foilsítear téacs an Chomhaontaithe in IO L, 2026/445, 3.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2026/445/oj.

2. Foilseofar an dáta óna gcuirfear an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 11 Feabhra 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS